MAX PLANCK INSTITUTE
FOR PSYCHOLINGUISTICS

DIRECTORS
Prof. Dr. Simon E. Fisher
Prof. Dr. Peter Hagoort
Prof. Dr. Antje S. Meyer
Prof. Dr. Caroline Rowland
Prof. Dr. Anne Cutler (em.)
Prof. Dr. Wolfgang Klein (em.)
Prof. Dr. Willem J.M. Levelt (em.)
Prof. Dr. Stephen C. Levinson (em.)

Nijmegen, 17.05.2024

**Ábhar: Cuireadh chun páirt a ghlacadh i staidéar eolaíoch de chuid Institiúid Max Planck don tSícitheangeolaíocht: *"Conas a fhoghlaimíonn páistí Gaeilge agus Béarla ag an am céanna?"***

A Phríomhoide, a chara,

Ba mhaith linn tú a chur ar an eolas faoi staidéar eolaíoch atá á dhéanamh ag Institiúid Max Planck don tSícitheangeolaíocht agus fiafraí díot ar mhaith le do scoil féin páirt a ghlacadh ann.

Anseo thíos, mínímid ábhar an staidéir sin agus tugaimid faisnéis phraiticiúil faoina mbeadh i gceist le páirt a ghlacadh sa staidéar. Ba mhaith linn teagmháil a dhéanamh leat go luath ar an teileafón chun ábhar an staidéir agus an deis páirt a ghlacadh ann a phlé agus chun aon cheisteanna atá agat a fhreagairt.

**An staidéar**
Is í an Roinn um Fhorbairt Teanga in Institiúid Max Planck don tSícitheangeolaíocht atá ag reáchtáil an staidéir, faoi mhaoirseacht an Ollaimh Caroline Rowland, agus tá athbhreithniú déanta air ag an gCoiste Eitice i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta in Ollscoil Radboud Nijmegen. Tá an tOllamh Evan Kidd (Ollscoil Náisiúnta na hAstráile) agus an Dr Sharon Unsworth (Ollscoil Radboud) i mbun comh-mhaoirseacht ar an staidéar. Sa staidéar seo, táimid ag fiosrú conas a fhoghlaimíonn agus a úsáideann páistí dátheangacha, a labhraíonn Gaeilge agus Béarla, an dá theanga sin ag an am céanna agus iad sna luathbhlianta scoile. Don staidéar seo, táimid ag lorg páistí dátheangacha a labhraíonn Gaeilge agus Béarla, atá idir 5 – 10 mbliana d'aois, agus nach bhfuil aon easnamh teanga/foghlama/forbartha orthu.

**Cad a dhéanfaidh na páistí?**
Chun féachaint chuige gur féidir leis na páistí díriú ar an staidéar, ba mhaith linn gur ina n-aonar a ghlacfaidís go léir páirt sa staidéar. Thart ar 130 nóiméad a thógfadh sé an staidéar a dhéanamh, ach bheadh an t-achar ama sin roinnte i dtrí sheisiún ina mbeadh thart ar 40-50 nóiméad an ceann. Bíonn roinnt tascanna i ngach seisiún agus is iondúil go dtógann tasc 20 nóiméad ar a mhéad. Seo é an leagan amach a bheadh ar sheisiún:

VISITING ADDRESS
Wundtlaan 1
6525 XD Nijmegen
The Netherlands

POSTAL ADDRESS
P.O. Box 310
6500 AH Nijmegen
The Netherlands

CONTACT
T +31 (0)24 3521 911
F +31 (0)24 3521 213
E info@mpi.nl
Twitter @MPI_NL
www.mpi.nl

- Sula gcuirfear tús le seisiún, míneoidh an taighdeoir don pháiste na céimeanna éagsúla a bheidh ann.
- Is ionann an chéad dá sheisiún, agus trí thasc an ceann atá iontu. Ar dtús, iarraimid ar an bpáiste breathnú ar phictiúir ar scáileán an ríomhaire glúine, éisteacht le habairt agus an pictiúr ceart a roghnú, agus ansin breathnú ar phictiúir aonair ar an scáileán agus cur síos a dhéanamh orthu. Ansin, breathnaíonn an páiste ar phictiúir ar scáileán an ríomhaire glúine agus, gach ré uair, éisteann sé nó sí le habairt lena ndéantar cur síos ar phictiúr nó iarrtar air nó uirthi cur síos a dhéanamh ar phictiúr é féin nó í féin. Ina dhiaidh sin, iarraimid ar an bpáiste abairtí a chloiseann sé nó sí ar ríomhaire glúine a rá. Ar deireadh, glacfaidh an páiste páirt sa dara babhta den tasc, áit a mbreathnóidh sé nó sí ar phictiúir ar scáileán ríomhaire glúine agus, gach ré uair, a n-éistfidh sé nó sí le cur síos orthu nó a ndéanfaidh sé nó sí cur síos orthu.
- Sa tríú seisiún, breathnaíonn an páiste ar phictiúir ar scáileán ríomhaire agus éisteann sé nó sí le habairtí. Taifeadann rianaire súl (ceamara beag) corraí súl an pháiste. Ansin freagraíonn an páiste ceisteanna faoi na habairtí. Sa tasc deiridh, breathnaíonn an páiste ar shraith pictiúr agus éisteann sé nó sí le gearrscéal a ghabhann leo, scéal a bhfuil deireadh gan choinne leis. Ansin iarrtar ar an bpáiste a shamhlú cad leis a bhí an carachtar sa scéal ag súil roimh an deireadh sin nach raibh coinne leis.
- Déanaimid taifead ar gach freagra sna seisiúin sin le micreafón.

Ag deireadh an staidéir, faigheann gach páiste féirín beag mar chomhartha buíochais as páirt a ghlacadh sa staidéar. D'fhéadfadh sé gur teastas rannpháirtíochta a bheadh i gceist, agus féirín beag ar nós liathróid fáscaidh nó leabhair. Beidh áthas orainn smaoineamh air sin in éineacht libhse.

**Conas is féidir le do scoil féin cabhrú linn?**

I gcomhair an staidéir, ba mhaith linn tástáil a dhéanamh ar chúigear páistí a laghad in aghaidh na scoile, agus iad idir 5 agus 10 mbliana d'aois. Táimid ag lorg 70 páiste san iomlán. Ba mhaith linn an oiread páistí agus is féidir a thástáil, ach táimid ag tástáil i roinnt scoileanna chun an líon sin a bhaint amach. Táimid solúbtha maidir leis an sceidealú agus is féidir dul ag obair libh chun féachaint cad is fearr a oireann daoibh féin. Más féidir é, ba chóir do gach páiste freastal ar gach ceann de na trí sheisiún, a bheadh ar siúl ar thrí lá éagsúla.

**Cad atá de dhíth orainn?**

Thiocfadh an taighdeoir freagrach go dtí an scoil chun an staidéar a dhéanamh. Ba mhaith linn an staidéar a dhéanamh le gach páiste as féin nó aisti féin i seomra ciúin sa scoil, ionas gur féidir leis na páistí díriú ar an tasc. Bheadh áthas orainn a phlé libh an mbeadh sé sin indéanta.

MAX PLANCK INSTITUTE FOR PSYCHOLINGUISTICS

**Rúndacht**
Tá an staidéar dírithe ar iompar grúpa páistí agus, dá bhrí sin, níl sé dírithe ar thorthaí aonair na bpáistí. Ní féidir linn aon ráitis chliniciúla a dhéanamh faoi fhorbairt teanga páistí aonair mar nach ndéanaimid scrúduithe cliniciúla. Má tá imní ar an scoil faoi fhorbairt teanga páistí aonair, áfach, cuirimid deis ar fáil daoibh dul i dteagmháil le teiripeoir urlabhra agus teanga ónár bhfoireann.

**Toiliú tuismitheora**
Ní féidir an staidéar a dhéanamh ach amháin má fhaigheann tuismitheoirí bileog eolais roimh ré agus má líonann siad isteach an fhoirm thoilithe a ghabhann leis an mbileog sin. Chun na foirmeacha sin a sheoladh chuig tuismitheoirí, bheadh bhur gcabhair ag teastáil uainn. Bheadh áthas orainn roghanna a phlé libh i dtaobh na foirmeacha a sheoladh agus a fháil ar ais (go digiteach nó ar pháipéar).

**Cad a fhaigheann an scoil mar chúiteamh?**
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as páirt a ghlacadh sa staidéar le féirín beag, dearbhán leabhair don rang, mar shampla. Bheadh áthas orainn a phlé libh céard a bheadh ina chúiteamh cuí.

**Ceisteanna?**
Má tá aon cheisteanna, gearáin nó tuairimí agaibh ag tús an staidéir, lena linn nó ag a dheireadh, tá fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh am ar bith leis an iníon léinn dochtúireachta atá freagrach: Clara Kunst (clara.kunst@mpi.nl, +31 24 3521458). Más fearr libh dul i dteagmháil le duine nach bhfuil baint dhíreach aige nó aici le déanamh an staidéir, déan teagmháil lenár mbainisteoir saotharlainne: Patricia Manko (patricia.manko@mpi.nl, +31 24 3521479).

Le dea-mhéin,

Clara Kunst

Clara Kunst
*Iníon léinn PhD ag Institiúid Max Planck don tSícitheangeolaíocht*